

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Scrúdú Ardteistiméireachta, 2000

LAIDIN - GNÁTHLEIBHÉAL

(400 marc)

Dé Céadaoin, 21 Meitheamh - Tráthnóna 2.00 go dtí 5.00

A. Laidin a chur ar:-

- (a) Rinne an namhaid ionsaí chomh fíochmhar sin ar an mbaile mór gur maraíodh a lán cathróirí. (15)
- (b) Scairt na tuismitheoirí brónacha amach gur chail siad a bpáistí. (15)
- (c) Gach aon lá theith mná agus páistí chun na saighdiúirí a sheachaint. (15)
- (d) D'fhiafraigh na dídeanaí cé a shábháilfeadh iad. "Cé a thabharfaidh bia dúinn?" (15)
- (e) Ach sa seanad ghríosaigh na taoisigh muintir an bhaile mhóir an fód a sheasamh go cróga. (15)

caillim: amitto. dídeanaí: profugus. sábháilim: servo. muintir an bhaile mhóir: oppidani.

NÓ

B. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair, i nGaeilge, na ceisteanna go léir a leanann é:-

(Déanann beirt Ghallach, atá faoi ghradam ag Caesar, leatrom ar a gcomhthírigh)

Erant apud Caesarem in equitum numero Allobroges duo fratres, Raucillus et Egus, filii Adbucilli, qui principatum in civitate multos annos habuerat. Erant homines singulari virtute, quorum opera Caesar omnibus Gallicis bellis optima fortissimaque usus erat. Caesar his domi propter has causas amplissimos magistratus mandaverat atque agros in Gallia ex hostibus captos praemiaque rei pecuniariae magna tribuerat divitesque ex egentibus fecerat. Hi propter virtutem non solum apud Caesarem in honore erant sed etiam apud exercitum cari habebantur; sed freti amicitia Caesaris et stulta ac barbara adrogantia elati despiciebant suos stipendiumque equitum fraudabant. Quibus illi rebus permoti universi Caesarem adierunt palamque de iniuriis questi sunt.

opera: seirbhís. utor (+ Ochslaíoch): bainim feidhm as. mando: cuirim cúram (ruda) ar.
tribuo: tugaim. egeo: táim bocht. carus: ionúin, faoi mheas. fretus (+ Ochslaíoch): ag brath ar.
adrogantia: sotal. stipendium: pá. queror: déanaim gearán.

- (i) Cérbh iad Raucillus agus Egus? (6)
- (ii) Cén post a bhí ag Adbucillus? (4)
- (iii) Cén saghas daoine iad Raucillus agus Egus? (5)
- (iv) Conas a bhain Caesar feidhm astu? (10)
- (v) Luaigh trí shlí inar thug Caesar cúiteamh dóibh. (15)
- (vi) Cé mar a d'athraigh sé seo an saol a bhí ag Raucillus agus Egus? (5)
- (vii) Cén bharúil a bhí ag Caesar agus ag an arm do Raucillus agus Egus? (10)
- (viii) Ar thuill Raucillus agus Egus a gcáil? Conas a chuireann an sliocht thuas é sin in iúl duit? (10)
- (ix) Conas a chuaigh a n-iompar i bhfeidhm ar chách? (10)

- A. (i) *(Nochtann Mucius Scaevola a phlean don seanad ach gabhtar é nuair a theipeann air an Rí Porsinna a mharú)*

'Transire Tiberim,' inquit Mucius Scaevola, 'Patres, et intrare castra hostium volo, non praedae causa neque ultionis. Maius in animo est facinus.' Adprobant patres; abdito intra vestem ferro proficiscitur. Ubi eo venit, in turba prope regium tribunal constitit. Ibi cum stipendium militibus forte daretur et scriba cum rege sedens simili veste multa ageret, Scaevola timebat rogare uter Porsinna esset, ne se ipse aperiret quis esset; ita scribam pro rege occidit. Vadentem inde qua per trepidam turbam cruento mucrone sibi ipse fecerat viam, comprehenderunt regii comites et retraxerunt.

Livias (65)

ultio: díoltas. facinus: coir. adprobo: glacaim le. abdo: ceilim. tribunal: ardán. stipendium: pá. scriba: rúnaí. aperio: cuirim in iúl. mucro: bior claímh. comprehendo: gabhaim.

NÓ

- (ii) *(Tagann cuid de na Gallaigh maraon le hAriovistus slán; níl an t-ádh céanna ar theaghlach Ariovistus)*

Ita proelium restitutum est, atque omnes terga verterunt neque fugere destiterunt priusquam ad flumen Rhenum circiter quinque milia passuum ex eo loco pervenerunt. Ibi perpauci aut viribus confisi tranare contenderunt aut linteribus sibi salutem reppererunt. In his fuit Ariovistus qui naviculam deligatam ad ripam nactus ea profugit; reliquos omnes equitatu consecuti nostri interfecerunt. Duae fuerunt Ariovisti uxores, una Sueba natione, quam domo secum duxerat, altera Norica, regis Voccionis soror; utraeque in ea fuga perierunt; duae fuerunt filiae – harum altera occisa, altera capta est.

Caesar (65)

desisto: scoirim de. confido (+ Tabharthach): téim i muinín. tranare: snámh trasna. linter: bád. repperio: bainim amach. deligo: ceanglaím. nanciscor: tagaim ar, faighim.

- B. (i) *(Tá an comhrac idir dhá tharbh ar Chnoc Sila nó ar Chnoc Taburnus cosúil leis an gcomhrac idir Aeinéas agus Turnus)*

ac velut ingenti Sila summoye Taburno
cum duo conversis inimica in proelia tauri
frontibus incurrunt; pavidi cessere magistri;
stat pecus omne metu mutum, mussantque iuvencae
quis nemori imperitet, quem tota armenta sequantur;
illi inter sese multa vi vulnera miscent,
cornuaque obnixa infigunt, et sanguine largo
colla armosque lavant; gemitu nemus omne remugit.
non aliter Tros Aeneas et Daunius heros
concurrunt clipeis; ingens fragor aethera complet.

Veirgil (65)

-ve: nó. frons: éadan. cedo: cúlaím, géillim. pecus: tréad. musso: machnaím. iuvenca: seafaid. nemus: fáschoill. imperito: rialaím. armentum: tréad. cornu: adharc. armus: gualainn. lavo: folcaim. remugio: ligim búir. clipeus: sciath.

NÓ

(ii) (Mórbhaol ar muir)

me miserum, quanti montes volvuntur aquarum!
iam iam tacturos sidera summa putes.
quantae diducto subsidunt aequore valles!
iam iam tacturas Tartara nigra putes.
quocumque aspicio, nihil est nisi pontus et aër,
fluctibus hic tumidus, nubibus ille minax.
inter utrumque fremunt immani murmure venti:
nescit, cui domino pareat, unda maris.
scilicet occidimus, nec spes est ulla salutis,
dumque loquor vultus obruit unda meos!

Ovid (65)

tango: teagmhaím le. subsidere: titim de phlímp. aequor: aigéan.
Tartara: Ifreann, an Domhan Íochtarach. tumidus: ag at, ag bolgadh. minax: ag bagairt.
pareo (+ Tabharthach): déanaim rud ar, géillim do. scilicet: ar ndóigh. obruo: clúdaim.

3. Freagair Roinn A nó Roinn B sa cheist seo:-

[90]

A.

(i) Gaeilge a chur ar:-

(60)

lamque omnibus satis comparatis ad traiciendum terrebant ex adverso hostes omnem ripam equites virique obtinentes. Quos ut averteret, Hannonem, Bomilcaris filium, vigilia prima noctis cum parte copiarum, maxime Hispanis, adverso flumine ire iter unius diei iubet, et ubi primum possit, quam occultissime traiecto amni circumducere agmen, ut, cum opus facto sit, adoriatur ab tergo hostes. Ad id dati duces Galli edocent inde milia quinque et viginti ferme supra parvae insulae circumfusum amnem latiore, ubi dividebatur, eoque minus alto alveo transitum ostendere. Ibi raptim caesa materia ratesque fabricatae in quibus equi virique et alia onera traicerentur. Hispani sine ulla mole in utres vestimentis coniectis ipsi caetris superpositis incubantes flumen tranavere.

Livias

(ii) Freagair trí cinn ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Tá deich marc ag dul do gach ceist acu):-
(30)

- (a) Déan cur síos ar na hiarrachtaí a rinne na Rómhánaigh chun na Spáinnigh a mhealladh le go mbeidís ina gcomhghuaillithe acu.
- (b) An gceapann tú go raibh an t-ullmhú le haghaidh cogaidh a rinne Hannabal praiticiúil agus ciallmhar? Mínigh do fhreagra go hachomair.
- (c) Conas a tugadh na heilifintí trasna na Róine, dar le Livias?
- (d) "Tá beocht agus drámatacht i roinnt de na pictiúir a chuireann Livias i láthair ina chuntas ar thrasnú Shliabh Alpa."
É seo a phlé go hachomair.
- (e) Cuntas a thabhairt ar an bpáirt atá ag na Boii nó ag na hAllobroges i Leabhar XXI.

B.

- (i) Gaeilge a chur ar:- (60)

' di patrii, quorum semper sub numine Troia est,
non tamen omnino Teucros delere paratis,
cum tales animos iuvenum et tam certa tulistis
pectora.' sic memorans umeros dextrasque tenebat
amborum et vultum lacrimis atque ora rigabat.
' quae vobis, quae digna, viri, pro laudibus istis
praemia posse rear solvi? pulcherrima primum
di moresque dabunt vestri; tum cetera reddet
actutum pius Aeneas atque integer aevi
Ascanius, meriti tanti non immemor umquam.'
' immo ego vos, cui sola salus genitore reducto,'
excipit Ascanius, ' per magnos, Nise, Penates
Assaracique Larem et canae penetralia Vestae
obtestor.'

Veirgil

- (ii) Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá deich marc ag dul do gach ceist acu):- (30)

- (a) Cé atá ag caint ag tús an tsleachta thuas? Cén fáth a n-éisteofaí leis?
- (b) Nóta a scríobh ar **thrí cinn ar bith** díobh seo a leanas:-
Penates; Vesta; Palladium; Parcae; Iris.
- (c) "Bhí páirt ag Nisus agus Eoirialas ina gcreach féin." É seo a phlé go hachomair.
- (d) Cur síos a dhéanamh ar cé mar a chuaigh bás Nisus agus Eoirialais i bhfeidhm ar na Traígh.
- (e) Fág an *Aeinéid* as an áireamh agus ainmnigh roinnt scríbhinní eile de chuid Veirgil. Nóta gairid a scríobh ar scríbhinn **amháin** acu.

4. Freagair **gach ceann** de na ceisteanna seo a leanas:- [30]

- (i) Scríobh síos an **Tuiseal Tabharthach, Uimhir Uatha** de na hainmfhocail seo a leanas:- (8)
nauta, victor, equus, pater.
- (ii) Scríobh síos príomhranna na mbriathra seo a leanas:- (12)
do, praecipio, nuntio.
- (iii) An líne seo a leanas as *Aeinéid* Veirgil a scanadh agus na cainníochtaí a mharcáil:- (10)
talibus accensi firmantur et agmine denso.

5. Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ní mór **ceist amháin** ar a laghad a roghnú as Roinn A agus **ceist amháin** as Roinn B. Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as Roinn A nó Roinn B. (Tá cúig mharc is fiche ag dul do gach ceist acu):-

[75]

A.

- (i) Nótaí a scríobh ar **dhá cheann** de na hábhair seo a leanas a bhaineann le réimeas Ágastais:-
An Garda Praetóireach; rialú na bproibhinsí; ról Agrippa; cath Fhorais Teutoberg;
pátrúnacht na n-ealaíon.
- (ii) Scríobh go hachomair ar **dhá cheann** díobh seo a leanas:-
(a) Sejanus.
(b) Ról Vespasian i rith Bhliain na gCeithre Impire, AD 68-69.
(c) An dara feachtas ag Traían i nDacia.
- (iii) Tabhair cuntas ar réimeas Dhomitian.

B.

- (i) Nótaí gairide a scríobh ar **dhá cheann** díobh seo a leanas ó thaobh a ngnéithe ailtireachta:-
(a) Amharclanna Rómhánacha.
(b) Aimfiteatair Rómhánacha.
(c) An Sorcas Rómhánach.
- (ii) Nóta a scríobh ar mhúrmhaisiúcháin Rómhánacha, agus tagairt a dhéanamh i do fhreagra do shaothair áirithe.
- (iii) Nóta gairid a scríobh ar scríbhinní Horáite.